C/2025/2973

5.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2973)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Salame Felino’

EU PGI-IT-0597-AM01 — 12.3.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Salame Felino’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (PDO)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

MASAF [Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Na leasuithe ar shonraíocht táirge TGFC:

— níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

— níl baol ann go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní; nó

— níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Leasú ar Airteagal 4*

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear slisneoirí leis na catagóirí d'oibreoirí TGFC atá faoi réir an chórais rialaithe.

Cúis: Tá gá leis an leasú toisc go bhfuil an táirge slisnithe ar cheann de na cineálacha inar féidir Salame Felino a mhargú i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an tagairt do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 in ionad na tagartha do Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

Cúis: Leis an leasú, tugtar cothrom le dáta na tagairtí do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm maidir le conablaigh muc a ghrádú.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Cuirtear an leasú in ionad an chritéir maidir leis an meánmheáchan beo in aghaidh na baisce 160 kg ± 10 % le meáchan conablaigh aonair idir 110,1 kg agus 190 kg, agus sonraítear nach mór é sin a fháil amach tráth an mharaithe.

Cúis: Trí fháil réidh le beomheáchan agus trí chritéar mheáchain conablaigh aonair a chur san áireamh, is féidir seiceáil níos beaichte a dhéanamh ar na ceanglais incháilitheachta maidir le gach muc a mharaítear, toisc gur modh níos trédhearcaí, níos cruinne, níos spriocdhírithe agus níos fearr é go ginearálta. Tá an méadú ar mheáchan muc nasctha leis an treocht atá ann faoi láthair i bhfeirmeoireacht muc na hEorpa mar thoradh ar fheabhas a chur ar an ngéineolaíocht, ar leas ainmhithe agus ar chothú.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an critéar maidir le haois muc a ríomh chun críche maraithe.

Cúis: Soiléirítear leis an leasú an tsonraíocht táirge le haghaidh oibreoirí agus chun críoch rialaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an mhír dheireanach, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Baintear na focail 'dá dtagraítear in Airteagal 7' leis an leasú.

Cúis: Tá gá leis an leasú toisc go bhfuil foráil dhifriúil in Airteagal 7 den tsonraíocht táirge nua.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Leasú ar Airteagal 7*

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Baintear leis an leasú an fhoráil maidir leis an gcomhlacht rialúcháin.

Cúis: Is nuashonrú riachtanach é sin chun an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Athuimhrítear leis an leasú Airteagal 8 mar Airteagal 7.

Cúis: Tá gá leis an leasú i bhfianaise struchtúr airteagail nua na sonraíochta táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Salame Felino’

Uimh. AE: PGI-IT-0597-AM01 — 12.3.2025

ATFC ( )TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘Salame Felino’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 16 - ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Nuair a scaoiltear é lena thomhailt, ní mór TGFC ‘Salame Felino’ a bheith sorcóireach, le bun amháin is raimhre ná an bun eile. Ní mór dath scothbhán/scothliath a bheith ar a dhromchla seachtrach agus ní mór é a bheith beagán púdrach mar gheall ar chainníocht bheag de mhúscán dúchasach a bheith ag forbairt ar an dromchla.

Ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith ag TGFC ‘Salame Felino’:

— meáchan: idir 200 g agus 4,5 kg;

— méid: cruth sorcóireach neamhrialta, idir 15 cm agus 130 cm ar fad;

— tréithe orgánaileipteacha: nuair a ghearrtar iad, ní mór na slisní a bheith daingean ach gan bheith preabach; ní mór iad a bheith aonchineálach gan gheir, dath dearg an rúibín orthu, iad saor ó lochtanna, agus blas séimh agus fíneálta a bheith orthu;

— saintréithe ceimiceacha agus ceimi-fhisiceacha:

próitéin iomlán	íoschion 23 %
cóimheas collaigine/próitéine	cóimheas uasta 0,10
cóimheas uisce/próitéine	cóimheas uasta 2,00
cóimheas saille/próitéine	cóimheas uasta 1,50
pH	> 5.3
lachtbhachaillíní iomlána	> 100 000

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Níl aon fhoráil sa tsonraíocht táirge ná sa doiciméad aonair a foilsíodh in IO C 19 an 20.1.2011.

Táirgtear TGFC 'Salame Felino' ó mhuiceoil ar an mbealach a thuairiscítear thíos:

— ní mór na hainmhithe a úsáidtear a bheith ina muca folaíochta de na bunphórtha traidisiúnta Móra Bána agus Muca Lanrásacha nó ainmhithe a dhíorthaítear ó na pórtha sin, arna bhfeabhsú ag Tréadleabhar na hIodáile;

— ceadaítear freisin ainmhithe a dhíorthaítear ón bpór Duroc, arna bhfeabhsú ag Tréadleabhar na hIodáile;

— ceadaítear ainmhithe de phórtha eile freisin, ainmhithe crosphóraithe nó hibride, ar choinníoll go dtagann a gconablaigh faoi aicmí U, R nó O, mar a shainmhínítear sa tábla maidir le haicmiú conablach muc in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, arna leasú.

— i gcomhréir leis an gcleachtas traidisiúnta, muca a bhfuil saintréithe neamhfhabhracha iontu, agus go háirithe siondróm struis na muc, déantar iad a eisiamh in aon chás; sa lá atá inniu ann, is féidir saintréithe den sórt sin a bhrath go hoibiachtúil in ainmhithe tar éis bháis agus i dtáirgí leasaithe;

— ní cheadaítear ainmhithe folaíochta de chuid Lanrásach na Beilge, Hampshire, Pietrain, Duroc agus Spota na Polainne in aon chás;

— ní mór na cineálacha géiniteacha a úsáidtear a bheith in ann meáchain arda agus éifeachtúlacht mhaith a bhaint amach, agus in aon chás meáchan conablaigh aonair idir 110.1 kg agus 190 kg;

— is é 9 mí an aois íosta tráth an mharaithe;

— níor cheart collaigh ná cránacha a úsáid;

— ní mór na muca a mharú i riocht barrmhaith sláinte agus iad a fhuiliú go hiomlán;

— ní mór na gearrthacha feola a úsáidtear chun TGFC 'Salame Felino' a tháirgeadh a bheith ina bpíosaí de rogha matáin nó fíochán saille amhail an chuid tosaigh den bholg (*testa di pancetta*) agus/nó feoil mhionaithe faoin ngualainn (*trito di banco* / *sottospalla*). Ní ceadmhach aon reo a bheith déanta ar an bhfeoil a úsáidtear.

Ní mór an matán agus an fíochán saille a ghlanadh go cúramach, agus an fíochán saille bog agus píosaí níos mó d'ábhar tacaíochta a bhaint.

Ní mór an fheoil (matán agus fíochán sailleagus) a úsáidtear le haghaidh TGFC 'Salame Felino' a chur i bhfuarstóras a shocraítear ag teocht nach lú ná -1 °C agus a fheistiú ar bhealach a ligeann don fhíochán matáin triomú go maith.

Ní mór an meascán a mhionú trí úsáid a bhaint as miontóir feola (atá feistithe le plátaí pollta ina bhfuil poill 6-8 mm).

Ní mór an fheoil a mheascadh ansin le salann (2 %- 2,8 %), le piobar iomlán agus/nó le píosaí piobair (0,03 %- 0,06 %) agus gairleog mheilte.

Féadfar úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas freisin:

— fíon geal tirim, suas le 400 cl ar a mhéad in aghaidh gach 100 kg feoil, chun an dea-bholadh agus an blas a threisiú;

— siúcra agus/nó deastrós agus/nó fruchtós: 0 %- 0,3 %;

— saothráin tús gabhála coipthe: ní mór saothráin tús gabhála den sórt sin a úsáid i gcomhréir leis an dea-chleachtas, agus saintréithe sonracha na saothrán tús gabhála le haghaidh 'Salame Felino' á gcur san áireamh. Is é an fheidhm atá acu dea-bholadh agus blas an táirge a fhorbairt trína n-éifeacht lipealaíoch agus phróitéalaíoch, an dath a chobhsú agus aigéadú a theorannú;

— níotráit sóidiam agus/nó photaisiam (uasmhéid 300 mg/kg), sóidiam agus/nó nítrít photaisiam (uasmhéid 150 mg/kg), aigéad ascorbach agus a shalann sóidiam (uasmhéid 1 g/kg).

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is iad seo a leanas na céimeanna sonracha sa táirgeadh:

— mionú le miontóir feola;

— an fheoil mhionaithe agus an salann breise, an piobar agus an ghairleog a mheascadh; féadfar fíon, siúcraí, saothráin tús gabhála coipthe, níotráit sóidiam nó photaisiam, nítrít sóidiam nó photaisiam agus aigéad ascorbach agus a shalann sóidiam a úsáid freisin;

— an meascán a líonadh isteach i gcásáil muc nádúrtha;

— nascadh le sreangán (nach bhfuil clúdaithe le líon);

— triomú agus leasú.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Ní mór 'Salame Felino' a shlisniú agus a phacáistiú faoi fhaireachas an chomhlachta údaraithe i gcomhréir le forálacha an phlean rialaithe.

Go deimhin, mar gheall ar chineál íogair an táirge, agus toisc go bhféadfadh na céimeanna slisnithe agus pacáistithe a bheith díobhálach, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh an tréimhse ina bhfanann na slisní i dteagmháil leis an aer chomh gearr agus is féidir, ionas nach dtiocfaidh dath donn orthu.

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Féadfar TGFC 'Salame Felino' a scaoileadh lena thomhailt ina n-iomláine, leis an lipéad amháin agus b'fhéidir leis an séala; é a bheith gearrtha go tiubh, i bhfolúsphacáistí nó in atmaisféar cosanta; nó slisnithe, i bhfolúsphacáistí nó in atmaisféar cosanta.

Ní mór an t-ainm 'Salame Felino' agus an téarma 'Indicazione Geografica Protetta' [Tásc Geografach faoi Chosaint] nó an giorrúchán 'IGP' [TGFC] (arna aistriú go teanga na tíre ina margaítear an táirge) a bheith ar an lipéad i gcarachtair shoiléire dhoscriosta ar féidir iad a idirdhealú go héasca ó aon téacs eile, agus lógó an Chomhphobail agus an marc cuideachta ina dhiaidh.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é limistéar táirgeachta TGFC 'Salame Felino' críoch riaracháin Chúige Parma.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5,1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Saintréith de limistéar táirgeachta TGFC ‘Salame Felino’, a chumhdaíonn Cúige Parma ina iomláine, is ea limistéir chnocacha agus chothroma araon a bheith ann, chomh maith le lochanna agus mianaigh salainn.

Sainíodh an limistéar geografach trí thagairt a dhéanamh d’athchruthú stairiúil domhain na gcleachtas táirgthe as ar eascair cruthú an táirge thipiciúil sin. Tá na cleachtais sin nasctha le seantraidisiúin na búistéireachta muiceola agus an leasaithe muiceola a éascaíodh mar gheall go raibh mianaigh salainn agus dálaí aeráide sainiúla ann, ó bhí na cianaoiseanna ann, a eascraíonn as leibhéil shonracha bhogthaise a bheith ann, nochtadh do shruthanna aeir muirí agus aird ar limistéar mór coillearnach.

I gcnoic Parma, bhíothas in ann teicnící an mhachaire a chomhcheangal le salann Salsomaggiore i gcónaí.

Ciallaíonn an frása ‘teicnící an mhachaire’ na modhanna sin chun muiceoil a phróiseáil agus a leasú a forbraíodh chomh fada siar leis an tréimhse Éatrúscach agus Rómhánach mar gheall ar fheirmeacha muc a bheith ann atá tiomnaithe, i measc nithe eile, do bhia a chur ar fáil do na Léigiúin Rómhánacha. Sna cnoic timpeall an mhachaire, rinneadh na teicnící sin a chomhcheangal leis an deis úsáid níos éasca a bhaint as an salann ó mhianaigh Salsomaggiore toisc go raibh na cnoic mar chroílár traidisiúnta chun an salann a phróiseáil, ar substaint luachmhar é a próiseáladh i limistéir a bhí suite i bhfad ó bhealaí cumarsáide agus, dá bhrí sin, a bhí níos sláine ó ruathair a d’fhéadfadh a bheith ann.

Go deimhin, mar gheall ar na mianaigh salainn sin a bheith ann, monaraítear táirgí a aithnítear ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon mar thoradh ar shailleadh agus próiseáil muiceola ó bhí an 14ú haois ann.

5,2. *Sainiúlacht an táirge*

Tá TGFC ‘Salame Felino’ éagsúil le táirgí eile sa chatagóir thráchtála chéanna mar gheall ar a theinne agus a raimhre neamhphreabach, a aonfhoirmeacht, agus dath dearg an rúibín atá air. Tá blas séimh agus éadrom air.

Murab ionann agus formhór mór na salámaithe atá ar an margadh, déantar ‘Salame Felino’ a phacáil go heisiach i gcásálacha nádúrtha (i.e. cásálacha nach bhfuil sintéiseach in am ar bith). Tá sé saor ó lachtós agus ó bhainne púdraithe agus tá pH measartha ard aige, agus mar thoradh air sin tá feabhas tagtha ar na tréithe orgánaileipteacha.

5,3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (i gcás TGFC)*

Deimhnítear cáil TGFC ‘Salame Felino’ le leabharliosta fairsing tagairtí agus luanna.

Téann na chéad tagairtí siar chomh fada le húdair Laidine áirithe ón 1ú haois AD (Apicus — *De re coquinaria*). Bhí cáil ar ‘Salame Felino’ sna cúirteanna a bhunaigh iad féin ina dhiaidh sin sa phríomhchathair, ón Farnese go dtí na Búrbónaigh go dtí an Bandiúc Marie Louise.

Is cosúil go bhfuil an léiriú is sine den táirge le fáil sa mhaisiúchán ar an taobh istigh de Bhaistealann Parma (1196-1307). Ar an leac fríosa atá tiomnaithe do chomhartha Aquarius an Stoidiaca, is féidir dhá shalámaí a fheiceáil ag an tinteán ar sheastán sáspain atá ag rothlú. Tá na salámaithe sin de mhéid agus de chruth is féidir a aimsiú fós sa lá atá inniu ann agus tá siad mar an gcéanna leo siúd a bhaineann le TGFC ‘Salame Felino’.

Léiríodh in áireamh feirme 1766 ar líon na muc gurbh é Marquisate Felino an margadh muc ba bhríomhaire sa cheantar. Ón tréimhse chéanna tá liostaí praghsanna do limistéar Felino ina luaitear praghsanna le haghaidh salámaí gan gheir agus salami sailleach. Léirítear i dtuarascálacha ar thraidisiúin chustaim agus chócaireachta do thús an 19ú haois go raibh modh sainiúil ann chun muiceoil a phróiseáil ina salámaí sa limistéar timpeall bhaile Felino.

Bhí an iontráil ‘Salame Felino’ le feiceáil i bhfoclóir na hIodáile in 1905 agus, in 1912, scrúdaíodh táirgeadh salámaí in Felino i dtuarascáil na hAireachta Talmhaíochta maidir le feidhmíocht eacnamaíoch don bhliain.

Ó bhí 1927 ann, dheonaigh na hinstitiúidí poiblí áitiúla ábhartha an t-ainm ‘Salame Felino’ don salámaí a tháirgtear i gCúige Parma. Go deimhin, is léir gur bhain an t-ainm sin clú agus cáil ar leith amach cheana féin, agus dá bhrí sin go raibh sé inaitheanta go háirithe, dá mba rud é gur mheas Oifig agus Comhairle Cúige an Gheilleagair Náisiúnta go raibh cur chun cinn a úsáide tráchtála mar bhealach chun borradh a chur faoi rathúnas an chúige. Sa lá atá inniu ann, is féidir féachaint ar an gcaoi a bhfuil táirgeadh ‘Salame Felino’ bunaithe i gcríoch Chúige Parma trí thaighde agus staidéir ar chultúr gastranómach an limistéir. Go deimhin, tá nasc déanta in go leor alt idir ‘Salame Felino’ agus gastranamaíocht an chúige, agus é á lua mar cheann de na táirgí feola ispíní is mó a bhfuil meas orthu in Parma, a bhfuil dlúthbhaint ag a gcáilíocht leis an traidisiún a bhí ann leis na céadta blianta agus nár forbraíodh agus nár caomhnaíodh gan athrú ach amháin i ngleannta Chúige Parma. Ba cheart a chur leis an méid sin an iliomad imeachtaí atá fós á n-eagrú ag údaráis áitiúla agus údaráis chúige Parma san Iodáil agus thar lear in onóir ‘Salame Felino’, agus seastáin á mbunú chun blaiseadh a thabhairt agus ábhar faisnéise a chur ar fáil maidir le saintréithe an táirge agus a tháirgeadh stairiúil i gCúige Parma.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Fe%252F5%252FD.3526679936c72412af8b/P/BLOB%3AID%3D18907/E/pdf?mode=download